C/2025/2983

27.5.2025

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoraíocht maidir leis na spriocanna i dtaca le tomhaltas breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch in earnálacha na tionsclaíochta agus an iompair a leagtar síos in Airteagail 20a, 22b agus in Airteagal 25 de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413

(C/2025/2983)

Clár

Leathanach

1. Réamhrá 2
2. Raon feidhme chur i bhfeidhm sprioc BITN in Airteagal 22a 3
3. An gaol idir sprioc BITN agus sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite in Airteagal 3 . 7
4. Airteagal 22b 8
5. Sprioc BITN in Airteagal 25 8

1. **Réamhrá**

Tháinig Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm an 20 Samhain 2023. Leis an treoir leasaitheach, tugtar isteach athruithe ar an gcreat reachtach lena rialaítear fuinneamh in-athnuaite go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Tagraítear sa doiciméad treorach seo don leagan is déanaí den Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, arna leasú in 2023, mar 'RED athbhreithnithe' nó 'Treoir athbhreithnithe'.

Tá RED athbhreithnithe mar bhunchloch den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de REPowerEU chun uaillmhian an Aontais a bhaint amach maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú. Le RED athbhreithnithe, méadaítear leibhéal na huaillmhéine maidir le fuinneamh in-athnuaite go suntasach, ní hamháin trí sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite a mhéadú, ar gá í a bhaint amach i dteannta a chéile faoi 2030, ó 32 % go 42,5 % (agus é ina aidhm aige sin 45 % a bhaint amach), ach freisin trí na fospriocanna maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh atá le baint amach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear in earnáil na tionsclaíochta, a chur leis agus a neartú.

Is í an tionsclaíocht is cúis le thart ar 25 % d'ídiú fuinnimh ([3]) an Aontais agus is tomhaltóir mór breoslaí iontaise í, go háirithe chun críocha téimh agus fuaraithe. Ina theannta sin, úsáidtear breoslaí iontaise mar bhunábhar chun táirgí tionsclaíocha a tháirgeadh, amhail leasacháin, ceimiceáin nó cruach. I bhfianaise sciar suntasach an tionscail i dtomhaltas fuinnimh an Aontais, is gá méadú suntasach a dhéanamh ar dhul i bhfód an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil sin ar fud an Aontais chun a chuspóirí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach. Ina theannta sin, cinnfear le cinntí infheistíochta tionsclaíche sa lá atá inniu ann na próisis thionsclaíocha agus na roghanna fuinnimh a d'fhéadfadh an tionscal a mheas amach anseo, agus mar sin tá sé tábhachtach go seasfaidh na cinntí infheistíochta sin an aimsir agus go seachnófar leo cruthú sócmhainní tréigthe (Aithris 59 de RED athbhreithnithe).

Áirítear le RED athbhreithnithe dhá fhoráil shonracha (Airteagail 22a agus 22b) lena ndírítear ar fhuinneamh in-athnuaite a phríomhshruthú in earnáil na tionsclaíochta. Soláthraítear leis dreasachtaí agus oibleagáidí do na Ballstáit chun a áirithiú gur féidir lena dtionscal aistriú chuig próisis táirgthe ina n-úsáidtear fuinneamh in-athnuaite, amhail breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch ('BITN'), mar bhreosla nó mar bhunábhar, in ionad breoslaí iontaise. Ní mór a thabhairt faoi deara i ndáil leis sin go dtugtar isteach le RED athbhreithnithe, in Airteagal 2, pointe 36, sainmhíniú nua ar BITNanna lena n-áirítear gach úsáid a bhaintear as BITNanna, agus ní hamháin úsáid BITNanna mar bhreosla iompair mar a bhí sa sainmhíniú roimhe seo i RED 2018.

Sa bhreis ar sprioc tháscach chun sciar na bhfoinsí in-athnuaite san earnáil tionsclaíochta a mhéadú, foráiltear le hAirteagal 22a d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go dtiocfaidh BITNanna in ionad a gcoibhéisí breosla iontaise go páirteach chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh ina n-earnáil tionsclaíochta. Is é is aidhm don oibleagáid sin forbairt margaidh a chur chun cinn do thomhaltas BITNanna in úsáidí tionsclaíocha, rud atá riachtanach toisc go bhfuil BITNanna níos costasaí faoi láthair ná a gcoibhéis iontaise-bhunaithe agus nach dócha go dtáirgfear agus go ndíolfar iad ar théarmaí an mhargaidh amháin gan idirghabháil rialála. Le RED athbhreithnithe, tugtar an rogha sprioc BITN i mBallstát a laghdú ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22b.

Is é an 21 Bealtaine 2025 an spriocdháta ginearálta chun na forálacha is gá a thrasuí chun RED athbhreithnithe a chomhlíonadh — lena n-áirítear Airteagail 22a agus 22b.

Ina theannta sin, bunaítear leis an Treoir spriocanna ceangailteacha in earnáil an iompair. Chomh maith leis na spriocanna uileghabhálacha a bhaint amach, is é sin sciar 29 % d'fhuinneamh in-athnuaite san iompar nó laghdú 14,5 % ar dhéine astaíochtaí breoslaí iompair, faoi 2030, ceanglaítear ar na Ballstáit sciar BITNanna a mhéadú go 1 % ar a laghad. Rannchuidíonn BITNanna freisin le sprioc chomhcheangailte 5,5 % a bhaint amach maidir le BITNanna agus bithbhreoslaí forbartha. Leagtar amach sa Treoir freisin rialacha maidir leis an gcaoi a rannchuidíonn BITNanna leis na spriocanna agus conas ba cheart do na Ballstáit úsáid fuinnimh in-athnuaite san iompar a chur chun cinn trí oibleagáid a chur ar sholáthróirí breosla.

Is mar dhoiciméad treorach amháin atá an Fógra seo beartaithe chun críocha RED athbhreithnithe a thrasuí agus a chur chun feidhme. Ní chuirtear léirmhíniú ar fáil leis i gcomhthéacs gníomhartha dlíthiúla eile.

([1]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([2]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

([3]) Is mó ná 30 % an sciar sin lena gcomhcheanglaítear tomhaltas deiridh fuinnimh agus neamhfhuinnimh.

Níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs reachtaíocht an Aontais Eorpaigh féin. Ní mór aon léamh údarásach ar an dlí a dhíorthú ó théacs na Treorach agus go díreach ó chinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. **Raon feidhme chur i bhfeidhm sprioc BITN in Airteagal 22a**

Foráiltear le hAirteagal 22a de RED athbhreithnithe *'go n-áiritheoidh na Ballstáit gur 42 % ar a laghad den hidrigin a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh sa tionsclaíocht a bheidh i gcion na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh faoi 2030, agus gur 60 % den hidrigin sin a bheidh sa chion sin faoi 2035.'*.

Maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm na sprice éigeantaí nua le haghaidh BITNanna sa tionscal a leagtar síos in Airteagal 22a, soiléirítear na coincheapa seo a leanas sna fo-ranna seo a leanas: (i) coincheap an tionscail (roinn 2.1), (ii) seolaithe sprioc BITN (roinn 2.2), (iii) ríomh an uimhreora (roinn 2.3) agus (iv) ríomh an ainmneora chun an sprioc a chomhlíonadh (roinn 2.4).

2.1. *Sainmhíniú ar thionsclaíocht*

In Airteagal 2(18a) de RED athbhreithnithe sainmhínítear *'tionsclaíocht'* mar *'gnóthais agus táirgí a thagann faoi ranna B, C agus F agus faoi roinn J, rannán (63) den aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha (NACE REV.2), mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle'* ([4]).

Áirítear i Ranna B, C agus F faoi seach 'Mianadóireacht agus Cairéalacht', 'Déantúsaíocht' agus 'Tógáil'. Áirítear gníomhaíochtaí seirbhíse faisnéise i Roinn J, rannán (63). I measc na gníomhaíochtaí deireanacha sin, is iad na lárionaid sonraí an ghníomhaíocht is déine ó thaobh fuinnimh de agus, dá bhrí sin, is príomhearnáil iad chun críocha na sprice táscaí in Airteagal 22a. Téann an sainmhíniú ar thionscal faoi Airteagal 2(18a) de RED athbhreithnithe thar raon feidhme threoirlínte Eurostat maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta toisc go gcumhdaítear leis freisin Roinn J, rannán (63) nach gcumhdaítear faoi threoirlínte Eurostat maidir le tuairisciú ar thomhaltas fuinnimh de réir tionscail. Ceanglaítear le treoirlínte Eurostat tuairisciú sainordaitheach don tionscal faoi Ranna B, C agus F (le tuairisciú deonach dá Rannáin 41, 42 agus 43) ([5]). Cumhdaítear tuairisciú sainordaitheach ar thomhaltas fuinnimh deiridh na lárionad sonraí leis na treoirlínte maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh i seirbhísí ([6]). Éilítear leis na treoirlínte staidrimh maidir le hola agus gás go mbaileofar sonraí maidir le húsáid ola agus gáis chun críche neamhfhuinnimh sa tionsclaíocht ([7]).

Áirítear scaglanna faoin sainmhíniú ar thionscal (Roinn C de NACE REV.2). Mar sin féin, tá stádas speisialta acu maidir le tomhaltas BITNanna agus maidir leis an gcaoi a gcuirtear san áireamh iad faoi spriocanna éagsúla RED athbhreithnithe, is é sin na spriocanna maidir le méadú ar fhuinneamh in-athnuaite sa tionscal agus sna hearnálacha iompair a leagtar síos faoi Airteagail 22a agus 25 de RED athbhreithnithe. Úsáidtear formhór na mbreoslaí a tháirgtear i scaglanna mar bhreoslaí iompair agus, dá bhrí sin, cuirtear san áireamh iad i dtreo spriocanna ghlacadh na bhfoinsí in-athnuaite in earnáil an iompair. Mar sin féin, tá scaglanna ann freisin a tháirgeann breoslaí a úsáidtear chun cumhacht a ghiniúint (i.e. olaí breosla troma), táirgí ola le haghaidh earnáil na gceimiceán agus fiú ábhair sholadacha (amhail cóc) a úsáidtear chun alúmanam, cruach nó leasachán a tháirgeadh. Thairis sin, tá líon beag táirgí scaglainne ann a úsáidtear mar bhreoslaí iompair agus mar tháirgí tionsclaíocha araon, amhail MTBE (éitear búitileach treasach meitileach) agus meatánól.

Ba cheart leithdháileadh an tomhaltais hidrigine ar leibhéal na scaglainne a dhéanamh ar bhonn na dtáirgí éagsúla go léir a tháirgtear le hidrigin ag deireadh an phróisis, ar bhonn an luacha fuinnimh, agus ar bhonn bliantúil ar leibhéal na scaglainne. Ba cheart é sin a dhéanamh tar éis an hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge agus a ídítear laistigh den scaglann a eisiamh. Mura bhfuil soiléireacht ag an scaglann maidir le cé acu a úsáidtear táirge in earnáil an iompair nó mar tháirge tionsclaíoch, ba cheart do na Ballstáit sonraí ar leibhéal an Aontais a úsáid chun cóimheas na dtáirgí a úsáidtear le haghaidh breoslaí iompair nó mar tháirge tionsclaíoch a chinneadh.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

([5]) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/38154/16135593/energy-consumption-industry-reporting-instructions.pdf.

([6]) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/38154/16135593/energy-consumption-services-reporting-instructions.pdf.

([7]) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/38154/16135593/Natural_Gas_Questionnaire_Instructions.pdf & https://ec.europa.eu/eurostat/documents/38154/16135593/Oil_Questionnaire_Instructions.pdf.

Dá bhrí sin, rannchuidíonn BITNanna a úsáidtear i scaglann go páirteach leis an sprioc maidir le tomhaltas BITNanna san iompar mar a leagtar amach in Airteagal 25.2.(a) de RED athbhreithnithe agus go páirteach leis an sprioc maidir le tomhaltas BITNanna sa tionscal a leagtar amach in Airteagal 22a de RED athbhreithnithe. Féadfar sciar na ranníocaíochta a bhunú ar bhonn chóimheas bliantúil na dtáirgí scaglainne a úsáidtear san iompar agus sa tionscal, gan dul thar an méid tomhaltais hidrigine a leithdháiltear ar an tionscal ar leibhéal na scaglainne.

Ní áirítear Roinn D (Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe). Dá bhrí sin, ní thagann hidrigin a úsáidtear mar bhreosla i ngléasraí cumhachta lárnacha nó hidrigin a úsáidtear chun gal tráchtála a tháirgeadh faoi raon feidhme Airteagal 22a, lena n-áirítear sprioc BITN.

Ó mhí Eanáir 2022 i leith, cumhdaítear freisin leis an Rialachán maidir le Staidreamh Fuinnimh ([8]) bailiú sonraí maidir le táirgeadh agus tomhaltas hidrigine agus ó mhí Eanáir 2024 i leith na claochluithe idir hidrigin agus breoslaí eile. Ní áirítear meascáin hidrigine agus gáis eile go fóill i dtreoracha tuairiscithe Eurostat maidir le hidrigin ([9]).

Chun sprioc BITN don tionscal a ríomh, tá sé tábhachtach go gcuirfear hidrigin a úsáidtear i bpróisis thionsclaíocha agus a iompraítear i bhfoirm meascáin san áireamh agus an méid BITNanna a ídítear sa tionscal á ríomh: go háirithe, an hidrigin i ngás sintéiseach (meascán de hidrigin agus aonocsaíd charbóin) a úsáidtear mar bhunábhar chun ceimiceáin a tháirgeadh, agus an hidrigin i meascán de hidrigin agus nítrigin (N_2) a úsáidtear mar bhunábhar chun amóinia a tháirgeadh.

Tá sonraí maidir le hidrigin á mbailiú le haghaidh staidrimh náisiúnta ar bhonn deonach cheana féin, cé nach mbeidh feidhm ag ceanglas tuairiscithe ach ón mbliain 2024 ar aghaidh. Faoi láthair, ceadaítear le treoracha tuairiscithe Eurostat maidir le hidrigin ([10]) tuairisciú deonach a dhéanamh ar thomhaltas amóinia, agus ní áirítear leo tuarascáil dheonach ar mheatánól go fóill. Is táirgí díorthacha hidrigine iad amóinia agus meatánól araon, agus moltar do na Ballstáit tuairisciú deonach a dhéanamh cheana féin.

Tacóidh an Coimisiún a luaithe is féidir le rianú sciar BITN i dtomhaltas hidrigine tionsclaíche tríd an uirlis Measúnú Gearr ar Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite (SHARES) ([11]).

2.2. *Oibleagáid atá dírithe ar na Ballstáit*

Tá feidhm ag an sprioc BITN a áirítear in Airteagal 22a de RED athbhreithnithe maidir leis na Ballstáit, rud a chiallaíonn go bhfuil sé de fhreagracht ar na Ballstáit a áirithiú go mbainfear amach an sprioc le rannchuidiú BITN. Tá sé sin soiléir ó théacs Airteagal 22a agus tá an dá chúis seo a leanas leis: ar an gcéad dul síos, níl aon mhargadh ann do BITNanna sa lá atá inniu ann, toisc go bhfuil táirgeadh teoranta BITNanna ann agus go bhfuil siad fós réasúnta costasach i gcomparáid le coibhéisí iontaise-bhunaithe. Dá bhrí sin, tá gá le dreasachtaí rialála ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun BITNanna a chur ar fáil don tionscal agus chun cruthú margaidh do na táirgí sin a chur chun cinn. Ba cheart do na Ballstáit na bearta a dhearadh chun sprioc BITN don tionscal a bhaint amach de réir a n-imthosca náisiúnta, agus na leibhéil éagsúla úsáide hidrigine in earnálacha éagsúla á gcur san áireamh chomh maith leis an gcaoi ar féidir le hinfhaighteacht BITNanna do thomhaltóirí tionsclaíocha áirithe tacú lena n-aistriú chuig próisis táirgthe atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Ar an dara dul síos, tá difríocht shuntasach idir méid an tomhaltais hidrigine sa tionscal agus an líon tomhaltóirí hidrigine tionsclaíche i measc na mBallstát. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit a mbeartais a oiriúnú de réir a gcúinsí sonracha féin agus is féidir leo a áirithiú, agus an oibleagáid sin á cur chun feidhme acu, go n-áiritheoidh siad cothrom iomaíochta do thomhaltóirí hidrigine.

Dá bhrí sin, níl feidhm dhíreach ag an oibleagáid maidir le tomhaltóirí hidrigine. Ní chuireann sé sin cosc ar na Ballstáit cuótaí sainordaitheacha a shocrú le haghaidh thomhaltas BITNanna mar cheann de na bearta féideartha chun an sprioc a bhaint amach. I gcás den sórt sin, tá sé tábhachtach do na Ballstáit an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cuótaí sainordaitheacha ar iomaíochas na dtomhaltóirí hidrigine tionsclaíche a chur san áireamh. Maidir le cuótaí, nach bhfuil bearta rialála leordhóthanacha mar thaca leo, agus sásraí tacaíochta atá comhlíontach ó thaobh státchabhrach de, chun an difríocht costais idir BITNanna agus breoslaí iontaise-bhunaithe a chúiteamh, d'fhéadfadh sceitheadh carbóin agus allmhairí breise táirgí laistigh den Aontas nó lasmuigh den Aontas, a tháirgtear le hidrigin iontaise-bhunaithe, a bheith mar thoradh orthu. Bheadh sé sin ag teacht salach ar chuspóir Airteagal 22a, earnáil tionsclaíochta an Aontais a dhícharbónú. Ina theannta sin, ba cheart go gceapfaí gach beart náisiúnta cur chun feidhme gan dochar do CFAE agus go háirithe d'Airteagal 28.

([8]) Rialachán (AE) 2022/132 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh fuinnimh, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme nuashonruithe ar an staidreamh fuinnimh bliantúil, míosúil agus míosúil gearrthéarmach (IO L 20, 31.1.2022, lgh. 208) agus Rialachán (AE) 2024/264 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh fuinnimh, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme nuashonruithe ar an staidreamh fuinnimh bliantúil, míosúil agus míosúil gearrthéarmach (IO L, 2024/264, 18.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/264/oj).

([9]) Sa chás sin, níl i meascán ach hidrigin in éineacht le comhábhar ceimiceach amháin nó níos mó, ach nach bhfuil nasctha go ceimiceach.

([10]) Féach fonóta 8.

([11]) Leis an uirlis Measúnú Gearr ar Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite (SHARES) a d'fhorbair EUROSTAT, dírítear ar ríomh comhchuibhithe sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite.

2.3. *Ríomh an uimhreora*

Foráiltear le mír 1(b) d'Airteagal 22a *'chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a thomhlaítear in earnáil na tionsclaíochta chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh'*.

Dá bhrí sin, ní féidir ach le hidrigin in-athnuaite, agus a díorthaigh a thagann faoin sainmhíniú ar BITNanna i RED athbhreithnithe ([12]) agus a úsáidtear sa tionscal, rannchuidiú leis an uimhreoir, bunaithe ar a luach fuinnimh. Áirítear le BITNanna hidrigin in-athnuaite agus a díorthaigh atá i gcomhréir leis an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 2(36) de RED athbhreithnithe agus le gníomhartha tarmligthe BITNanna ([13]). Chun an t-uimhreoir a ríomh, meastar gur táirgí a fhaightear mar dhíorthaigh dhíreacha hidrigine iad díorthaigh, i.e. mar thoradh ar nasc ceimiceach idir hidrigin agus móilíní eile. Táirgí ina bhfuil hidrigin ach nach díorthaigh dhíreacha hidrigine iad (e.g. leasacháin), nó táirgí a tháirgtear trí hidrigin a úsáid mar oibreán dí-ocsaídithe (e.g. iarann laghdaithe díreach ([14])), ní mheasfaí gur BITNanna iad.

Tagraítear i mír 1(b) do BITNanna 'a thomhlaítear in earnáil na tionsclaíochta' agus, dá bhrí sin, is sprioc 'tomhaltais' í an sprioc BITN a leagtar síos in Airteagal 22a. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear BITNanna san áireamh in uimhreoir an Bhallstáit ina ndéantar iad a thomhailt ina bhfoirm dheiridh in earnáil na tionsclaíochta. I gcás BITNanna ar díorthaigh de hidrigin in-athnuaite iad, níor cheart an hidrigin in-athnuaite a úsáidtear chun iad a tháirgeadh a áireamh in uimhreoir an Bhallstáit táirgthe ([15]) (cibé acu an é sin an Ballstát céanna ina n-ídítear na BITNanna nó ceann eile). Mar thoradh air sin, i gcás ina dtáirgtear BITNanna áirithe (e.g. amóinia in-athnuaite) i mBallstát agus ina n-onnmhairítear iad ansin chuig Ballstát eile, chuirfeadh an Ballstát allmhairiúcháin BITN san áireamh ina sprioc tionscail san uimhreoir agus ní chuirfeadh an Ballstát onnmhairiúcháin an hidrigin in-athnuaite a úsáidtear chun í a tháirgeadh san áireamh san uimhreoir.

Chun hidrigin in-athnuaite arna deimhniú mar BITNnna a instealltar i mbonneagar gáis idirnasctha an Aontais a rianú, is féidir córas maischothromaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 30 de RED ar choinníoll go ndéanfadh an tomhaltóir an hidrigin a dheighilt go fisiceach ón meascán gás. Ní féidir saintréithe inbhuanaitheachta agus saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag hidrigin a leithdháileadh ar ghás nádúrtha in éagmais deighilt fhisiceach den sórt sin ar hidrigin in-athnuaite ón meascán gás. Seachas sin, tá feidhm ag na rialacha céanna maidir le maischothromaíocht. Ní mór méideanna ábhartha BITNanna a chur isteach i mBunachar Sonraí an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 31a de RED.

([12]) In Airteagal 2(36) de RED athbhreithnithe sainmhínítear BITNanna mar 'bhreoslaí leachtacha agus gásacha a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite seachas ó bhithmhais'.

([13]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, C/2023/1087, IO L 157, 20.6.2023, lgh. 11 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach a bhunú le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte, C/2023/1086, IO L 157, 20.6.2023, lgh. 20.

([14]) Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás monaraíocht cruach tríd an bpróiseas DRI, go measfaí an hidrigin in-athnuaite a úsáidtear mar oibreán laghdaithe chun iarann a laghdú go díreach a bheith ina BITN a úsáidtear in earnáil na tionsclaíochta. Ní mheasfaí gur BITN é an muciarann a eascraíonn as an laghdú díreach ar iarann a úsáideann hidrigin in-athnuaite.

([15]) Mura rud é, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 7(1) de RED athbhreithnithe, 'go gcomhaontóidh na Ballstáit, trí chomhaontú sonrach comhair, go ndéanfaidh siad iomlán na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, nó cuid díobh, a thomhlaítear i mBallstát amháin a áireamh faoi chomhair sciar an olltomhaltais deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa Bhallstát ina dtáirgtear na breoslaí sin. Chun faireachán a dhéanamh i dtaobh an ndéantar na breoslaí in-athnuaite céanna de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a áireamh sa Bhallstát ina dtáirgtear iad agus sa Bhallstát ina dtomhlaítear iad araon agus chun an méid a áiríodh a thaifeadadh, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chomhaontú comhair den sórt sin. Le comhaontú comhair den sórt sin, áireofar méid na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch atá le háireamh ar an iomlán agus i gcás gach Ballstáit agus an dáta a thiocfaidh an comhaontú comhair chun bheith oibríochtúil'.

Maidir le BITNanna a úsáidtear i scaglanna, lena n-áirítear mar tháirge idirmheánach, chun gnáthbhreoslaí iompair ([16]) agus bithbhreoslaí ([17]) a tháirgeadh, ní áirítear iad i dtreo na sprice tionscail faoi Airteagal 22a, ach i leith an iompair faoi Airteagal 25 (féach thíos). Mar sin féin, is féidir BITNanna a úsáidtear i scaglanna chun táirgí tionsclaíocha a thomhlaítear in earnáil na tionsclaíochta a tháirgeadh a áireamh i dtreo sprioc an tionscail.

Is féidir hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge agus a chomhlíonann an sainmhíniú ar BITN ([18]) a chur san áireamh san uimhreoir.

2.4. *Ríomh an ainmneora*

Foráiltear le mír 1, an 5ú fomhír, pointe a) d'Airteagal 22a '*chun an t-ainmneoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh hidrigine chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas na nithe seo a leanas: (i) hidrigin a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh; (ii) hidrigin a tháirgtear trí ghás iarmharach tionsclaíoch a dhícharbónú agus a úsáidtear chun an gás sonrach óna dtáirgtear í a ionadú; (iii) hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge nó a dhíorthaítear ó sheachtháirgí i suiteálacha tionsclaíocha*'.

Cé go luaitear sa mhír seo hidrigin a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus chun críoch neamhfhuinnimh gan an earnáil ina n-ídítear í a lua, is léir ón gcúigiú fomhír de mhír 1 nach dtagraíonn an t-ainmneoir ach do hidrigin a ídítear in earnáil na tionsclaíochta tríd an sprioc '*42 % den hidrigin a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus chun críoch neamhfhuinnimh in earnáil na tionsclaíochta faoi 2030*' a shocrú. Dá bhrí sin, ní áirítear san ainmneoir ach hidrigin a ídítear in earnáil na tionsclaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18a) seachas hidrigin a ídítear i ngach earnáil.

Thairis sin, ní dhéanann an t-ainmneoir idirdhealú idir foinse fuinnimh an táirgthe hidrigine, agus áirítear leis hidrigin a tháirgtear trí na conairí éagsúla go léir. Áirítear leis freisin an hidrigin a ídítear d'aon ghnó mar chuid de mheascán, mar shampla an sciar hidrigine i ngás sintéiseach (meascán coiteann hidrigine agus aonocsaíde carbóin a úsáidtear i dtionscal na gceimiceán) nó an sciar hidrigine i meascán le nítrigin (N2) chun amóinia a tháirgeadh.

Foráiltear le mír 1, an 5ú fomhír, pointe (a) d'Airteagal 22a go ndéanfar na trí chás seo a leanas de thomhaltas hidrigine sa tionscal a eisiamh ón ainmneoir:

i) '*hidrigin a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh*'. Áirítear leis sin aon hidrigin a thomhlaítear chun breoslaí iompair agus bithbhreoslaí a dhíshulfarú nó a hidriginiú. Beidh feidhm ag an eisiamh sin den chuid is mó maidir le tomhaltas hidrigine i scaglanna. Níor cheart a eisiamh le scaglanna a tháirgeann breoslaí iompair agus táirgí tionsclaíocha araon ach an hidrigin a thomhlaítear chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh.

ii) '*hidrigin a tháirgtear trí ghás iarmharach tionsclaíoch a dhícharbónú agus a úsáidtear chun an gás sonrach óna dtáirgtear í a ionadú*'. Áirítear leis sin aon hidrigin a tháirgtear ó gháis iarmharacha, agus a thugtar isteach arís sa phróiseas tionsclaíoch ina dhiaidh sin chun teacht in ionad an gháis iarmharaigh ónar táirgeadh í. Is fochatagóir é an t-eisiamh sin a chumhdaítear freisin leis an eisiamh níos leithne maidir le '*hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge nó a dhíorthaítear ó sheachtháirgí i suiteálacha tionsclaíocha*' (féach thíos).

iii) '*hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge nó a dhíorthaítear ó sheachtháirgí i suiteálacha tionsclaíocha*'. Cumhdaítear leis an eisceacht sin hidrigin a tháirgtear mar iarmhairt dhosheachanta neamhbheartaithe ar tháirgeadh an phríomhtháirge, nó hidrigin a tháirgtear ó gháis iarmharacha arb iad iarmhairt dhosheachanta agus neamhbheartaithe tháirgeadh an phríomhtháirge iad. Áirítear sa chatagóir seo hidrigin a tháirgtear i bpróisis táirgthe clóralcaile nó clóráite sóidiam, hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge ó scoilteadh breoslaí iontaise chun alcáin nó ailcéiní a tháirgeadh, hidrigin a tháirgtear sa phróiseas díhidriginithe chun stiréin nó eitiléin a tháirgeadh, nó hidrigin a tháirgtear le linn gás oighinn chóic nó foirnéis soinneáin a tháirgeadh i ndéanamh iarainn/cruach.

([16]) Áirítear ar bhreoslaí iompair traidisiúnta breoslaí iontaise amhail díosal, peitreal agus ceirisín a thomhlaítear in earnáil an iompair.
([17]) Ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir RED athbhreithnithe, gur breosla leachtach iad 'bithbhreoslaí' chun críocha iompair a tháirgtear ó bhithmhais.
([18]) Mar shampla, hidrigin ar seachtháirge í den phróiseas táirgthe clóra-alcaile, inar úsáideadh leictreachas in-athnuaite sa phróiseas táirgthe, agus a chomhlíonann gníomhartha tarmligthe BITNanna.

Áirítear le treoracha tuairiscithe Eurostat maidir le staidreamh hidrigine táirgeadh hidrigine cibé acu d'aon ghnó agus go heisiach é nó mar sheachtháirge.

Chomh maith leis na heisiaimh thuas, aithnítear in aithris 62 de RED athbhreithnithe ról na luaththionscnóirí a bhfuil cinntí infheistíochta déanta acu d'fhonn saoráidí táirgthe hidrigine a bhí ann cheana a iarfheistiú bunaithe ar theicneolaíocht athchóirithe meatáin gaile d'fhonn táirgeadh hidrigine a dhícharbónú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-aitheantas san aithris sin teoranta do thionscadail amháin ar dámhadh deontas ina leith faoin gCiste don Nuálaíocht roimh theacht i bhfeidhm RED athbhreithnithe i.e. an 20 Samhain 2023. Dá bhrí sin, ní bheadh feidhm aige maidir le tionscadail nua a ndearnadh an cinneadh dámhachtana ina leith tar éis an dáta sin.

Maidir le raon feidhme an ainmneora, tagraítear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 22a do 'hidrigin' a úsáidtear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh sa tionsclaíocht. Tá sé sin i gcodarsnacht leis an bhfoclaíocht a úsáidtear in Airteagal 22b lena leagtar síos coinníollacha chun sprioc BITN a laghdú in earnáil na tionsclaíochta (arna míniú a thuilleadh i roinn 4 den treoir seo). Le hAirteagal 22b ceadaítear do na Ballstáit sprioc BITN in earnáil na tionsclaíochta a laghdú má thomhlaíonn siad sciar teoranta de 'hidrigin, nó a dhíorthaigh' a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise.

Is cosúil go léirítear le húsáid na tagartha do 'hidrigin' in Airteagal 22a amháin go bhfuil na comhreachtóirí toilteanach d'aon ghnó gan ach tomhaltas hidrigine san ainmneoir a chur san áireamh seachas tomhaltas a dhíorthaigh, rud a léiríonn go bhfuil sé beartaithe díriú go sonrach ar dhícharbónú hidrigine san Aontas. Chuirfí hidrigin a úsáidtear chun díorthaigh a tháirgeadh (beag beann ar cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar BITNanna) san áireamh leis an ainmneoir sa Bhallstát ina dtáirgtear an díorthach. Mar shampla, má úsáidtear hidrigin i mBallstát (Ballstát A) chun amóinia a tháirgeadh, a onnmhairítear ansin chuig Ballstát eile (Ballstát B), cuirfear an hidrigin a úsáidtear chun amóinia a tháirgeadh san áireamh san ainmneoir i mBallstát A agus ní chuirfí an amóinia a eascraíonn as sin san áireamh san ainmneoir i mBallstát B.

Cé go bhfuil feidhm ag na rialacha thuas maidir leis an ainmneoir ó thaobh na Ballstáit uile chun críoch cuntasaíochta ar thomhaltas hidrigine sa tionscal chun comhlíonadh na sprice a leagtar síos in Airteagal 22a a fhíorú, tá sé de rogha ag na Ballstáit sprioc níos déine a leagan síos lena n-áirítear tomhaltas díorthach san ainmneoir agus, dá bhrí sin, a mhéadódh an t-ainmneoir agus, mar thoradh air sin, sprioc BITNanna. Sa chás sin, áfach, ba cheart dóibh na sonraí atá ailínithe leis na rialacha maidir le cuntasaíocht an ainmneora a míníodh sna míreanna roimhe seo a thuairisciú do Eurostat.

3. **An gaol idir sprioc BITN agus sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite in Airteagal 3**

In Airteagal 2 (4) de RED athbhreithnithe, sainmhínítear 'olltomhaltas deiridh fuinnimh' mar '*na tráchtearraí fuinnimh sin arna seachadadh chun críocha fuinnimh chuig earnáil na tionsclaíochta agus an iompair, chuig teaghlaigh, chuig seirbhísí lena n-áirítear seirbhísí poiblí, talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach, móide an leictreachas agus an teas a thomhlaíonn earnáil an fhuinnimh ar mhaithe le leictreachas agus teas a tháirgeadh agus caillteanais leictreachais agus teasa le linn dáilte agus tarchurtha*'. Tagraítear leis an sprioc ghinearálta maidir le tomhaltas fuinnimh in-athnuaite a leagtar síos in Airteagal 3 de RED athbhreithnithe don sciar d'fhuinneamh in-athnuaite as olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais. Ciallaíonn sé sin nach féidir ach le tráchtearraí fuinnimh in-athnuaite (lena n-áirítear BITNanna) a úsáidtear chun críocha fuinnimh rannchuidiú leis an sprioc, ach ní féidir leo siúd a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh.

Le BITNanna a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh, rannchuidítear leis an sprioc tháscach maidir le méadú ar fhuinneamh in-athnuaite in earnáil na tionsclaíochta a leagtar amach i mír 1 d'Airteagal 22a, ina dtagraítear do '*sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh in earnáil na tionsclaíochta*' agus dá bhrí sin rannchuidítear le baint amach sprioc BITN a leagtar síos san airteagal céanna. Mar sin féin, bunaithe ar Airteagal 3 de RED athbhreithnithe, ní rannchuidítear leo le sprioc fhoriomlán 2030 an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite de 42,5 % ar a laghad.

Ina theannta sin, ní dhéanfar leictreachas in-athnuaite a úsáidtear chun BITNanna a tháirgeadh a áireamh i dtreo sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite (dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de RED). Áirítear BITNanna a úsáidtear chun críocha fuinnimh mar chuid den sprioc fhoriomlán maidir le fuinneamh in-athnuaite, agus laistigh den earnáil ina n-ídítear iad. Áireofar leictreachas in-athnuaite arna tháirgeadh ó BITNanna i dtreo na sprice foriomláine maidir le fuinneamh in-athnuaite freisin.

4. **Airteagal 22b**

Luaitear i mír 1 d'Airteagal 22b(1) *'Féadfaidh Ballstát cion na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 22a(1), an cúigiú fomhír, a laghdú 20 % in 2030, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:*

(a) *tá an Ballstát sin ar an mbóthar ceart i dtreo a rannchuidithe náisiúnta le sprioc cheangailteach fhoriomlán an Aontais a leagtar síos in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, atá coibhéiseach ar a laghad lena rannchuidiú náisiúnta a bhfuiltear ag dréim leis i gcomhréir leis an bhfoirmle dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999; agus*

(b) *is mó ná 23 % in 2030 agus ní mó ná 20 % in 2035 an sciar hidrigine, nó a díorthaigh, a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise a thomhlaítear sa Bhallstát sin'*.

Le hAirteagal 22a de RED athbhreithnithe, ceanglaítear ar na Ballstáit, ó 2030 ar aghaidh, sciar de thomhaltas BITNanna a bhaint amach sa tionscal arb ionann é agus 42 % den tomhaltas iomlán hidrigine in earnáil na tionsclaíochta. Méadófar an céatadán sin go 60 % faoi 2035. Le hAirteagal 22b tugtar isteach solúbthacht chun an sprioc sin a bhaint amach trí chead a thabhairt do na Ballstáit í a laghdú 20 % ag dhá phointe ama, i.e. in 2030 agus in 2035, ar choinníoll go bhfuil siad ar an mbóthar ceart i dtreo a rannchuidithe náisiúnta le sprioc cheangailteach fhoriomlán an Aontais agus nach airde a sciar hidrigine agus a ndíorthach a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise ná 23 % in 2030 agus nach airde é ná 20 % in 2035. Má chomhlíontar na coinníollacha sin go carnach, is féidir sprioc BITN a leagtar síos in Airteagal 22a a laghdú go 33,6 % in 2030 agus 48 % in 2035.

Maidir leis an uimhreoir chun sciar na hidrigine agus a díorthach a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise agus a ídítear san earnáil tionsclaíochta a ríomh, áirítear leis na próisis táirgthe hidrigine uile a úsáideann foinsí iontaise, lena n-áirítear na próisis sin ina ndéantar CO2 a ghabháil agus a úsáid nó a stóráil. Ríomhtar an t-ainmneoir ar bhonn thomhaltas na hidrigine go léir agus a díorthach san earnáil tionsclaíochta i mBallstát, i.e. lena n-áirítear BITNanna, hidrigin iontaise-bhunaithe agus ísealcharbóin agus a díorthaigh. Ós rud é go mbíonn hidrigin ann go nádúrtha i go leor substaintí a úsáidtear sa tionscal, amhail meatán (CH4) nó uisce fiú (H2O), ní mór idirdhealú a dhéanamh idir díorthaigh hidrigine agus gach substaint eile ina bhfuil hidrigin. Chun críocha an ainmneora, ní mheasfar ach na táirgí sin a tháirgtear trí hidrigin a úsáid mar ionchur mar dhíorthaigh hidrigine ábhartha. Ba cheart táirgí ina bhfuil hidrigin ina riocht nádúrtha nó táirgí a tháirgtear ó tháirgí ina bhfuil hidrigin sa nádúr a eisiamh.

Ar bhonn an mhéid thuas, ní thiocfadh meatán – ina bhfuil hidrigin ina riocht nádúrtha – faoin ainmneoir agus thiocfadh meatán sintéiseach (ríomh-mheatán) faoin ainmneoir. Tá an raon feidhme teoranta, áfach, do tháirgí a fhaightear mar dhíorthaigh dhíreacha hidrigine, i.e. a eascraíonn as hidrigin a chomhcheangal le móilíní eile. Ní thiocfadh táirgí ina bhfuil hidrigin ach nach díorthaigh dhíreacha hidrigine iad (e.g. leasacháin), ná táirgí a tháirgtear trí hidrigin a úsáid mar oibreán dí-ocsaídithe (e.g. iarann laghdaithe díreach) faoin ainmneoir.

Ní eisiatar go sainráite le hAirteagal 22b seachtháirge hidrigine ó ríomh an sciar de hidrigin agus de dhíorthaigh dá dtagraítear in Airteagal 22b(1), pointe (b). Mar sin féin, agus é á chur san áireamh nach foráil neamhspleách é Airteagal 22b, ach go gcuireann sé le hAirteagal 22a trí sholúbthacht a sholáthar chun sprioc BITN san earnáil tionsclaíochta a bhaint amach, agus chun comhsheasmhacht le hAirteagal 22a a áirithiú, i gcás ina n-eisiatar seachtháirge hidrigine ionas nach gcuirfear san áireamh é agus tomhaltas hidrigine á ríomh, d'fhéadfaí a léirmhíniú go bhfuil feidhm ag na heisiaimh chéanna maidir le huimhreoir agus ainmneoir Airteagal 22b, pointe b le haghaidh hidrigine a tháirgtear mar sheachtháirge.

Má chinneann Ballstát an tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi Airteagal 22b a chur i bhfeidhm, ní mór dó fógra a thabhairt don Choimisiún, in éineacht lena phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Áireofar san fhógra faisnéis faoin sciar nuashonraithe de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus na sonraí ábhartha uile chun a léiriú go bhfuil an dá choinníoll a leagtar amach in Airteagal 22b á gcomhlíonadh.

5. **Sprioc BITN in Airteagal 25**

Leagtar amach in Airteagal 25 fosprioc tairisceana thiomnaithe le haghaidh BITNanna de 1 % den ídiú fuinnimh iompair a ríomhtar i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 27. Ina theannta sin, áirítear BITNanna san fhosprioc chomhcheangailte a leagtar amach le haghaidh BITNanna agus bithbhreoslaí ardfhorbartha chomh maith leis an sprioc fhoriomlán iompair. Níl BITNanna incháilithe chun comhaireamh i dtreo na spriocanna ach amháin má bhaineann siad amach laghdú 70 % ar a laghad ar astaíochtaí.

Is féidir dhá phríomhbhealach a úsáid chun comhlíonadh a dhéanamh:

i) Áirítear BITNanna faoi chomhair na spriocanna má sholáthraítear iad d'aon cheann de na modhanna iompair, lena n-áirítear do bhuncair mhuirí idirnáisiúnta, i gcríoch Bhallstáit.

ii) Áirítear BITNanna i dtreo na spriocanna má úsáidtear iad mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh, ar choinníoll nach n-áirítear an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear amach trí úsáid BITNanna, agus an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhithbhreoslaí á ríomh. Cumhdaítear leis an úsáid mar tháirgí idirmheánacha cásanna ina n-úsáidtear hidrigin in-athnuaite i scaglanna e.g., chun eisíontais a bhaint le linn na hidreachóireála chomh maith le hidrigin a úsáidtear chun HVO agus meatánól a tháirgeadh, ar hidrigin í a úsáidtear chun bithdhíosal a tháirgeadh.

Déantar BITNanna a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh a áireamh mar chuid den sprioc sa tír ina n-úsáidtear iad agus ní chuirtear san áireamh iad in aschur na saoráide ina dtáirgtear gnáthbhreoslaí iompair nó bithbhreoslaí. Má dhéantar BITNanna a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun bithbhreoslaí a tháirgeadh a áireamh i dtreo na spriocanna, ní mór iad a mheas mar ionchur iontaise agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na mbithbhreoslaí á ríomh.

Cé go sonraítear go soiléir sa Treoir go n-áirítear BITNanna a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair a tháirgeadh i dtreo na spriocanna, ní shonraítear inti conas a chuirtear úsáid BITNanna chun críche na sprice iompair chun cinn. Cur chuige amháin a bhfuil gealladh faoi is ea oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann BITNanna mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh a chomhtháthú san oibleagáid soláthair dá dtagraítear in Airteagal 25 ar bhealach comhchosúil le hoibreoirí a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha faoin sásra creidmheasa dá bhforáiltear faoi Airteagal 25.4.

IARSCRÍBHINN

Airteagal 22a

Príomhshruthú a dhéanamh ar an bhfuinneamh in-athnuaite sa tionsclaíocht

1. Maidir le sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh in earnáil na tionsclaíochta, féachfaidh na Ballstáit le méadú táscach 1,6 pointe céatadáin ar a laghad a chur leis mar mheánmhéid bliantúil arna ríomh le haghaidh na dtréimhsí 2021 go 2025 agus 2026 go 2030.

Féadfaidh na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh faoi chomhair na meánmhéaduithe bliantúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír, suas le teorainn 0,4 pointe céatadáin, ar choinníoll gur ó théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a sholáthraítear an dramhtheas sin agus an dramhfhuacht sin, cé is moite de ghréasáin nach soláthraíonn teas ach d'fhoirgneamh amháin nó i gcás ina dtomhlaítear an fuinneamh teirmeach ar fad ar an láthair agus ar an láthair sin amháin agus i gcás nach ndíoltar an fuinneamh teirmeach. Má chinneann siad déanamh amhlaidh, cuirfear, leis an meánmhéadú bliantúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, leath na bpointí céatadáin dramhtheasa agus dramhfhuachta a áiríodh.

Áireoidh na Ballstáit na beartais agus na bearta a bheartaítear agus a ghlactar chun méadú táscach den sórt sin a bhaint amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin.

Nuair a mheastar gur rogha chostéifeachtach é an leictriú, déanfar leictriú na bpróiseas tionsclaíoch, ar leictriú é atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite, a chur chun cinn leis na beartais agus bearta sin. Leis na beartais agus bearta sin, féachfar le dáil fhabhrach a chruthú sa mhargadh d'infhaighteacht roghanna malartacha fuinnimh in-athnuaite atá inmharthana go heacnamaíoch agus indéanta go teicniúil chun dul in ionad breoslaí iontaise a úsáidtear le haghaidh téamh tionsclaíoch agus é ina aidhm aige sin laghdú a dhéanamh ar úsáid breoslaí iontaise a úsáidtear le haghaidh téamh ina bhfuil an teocht faoi bhun 200 °C. Agus na beartais agus bearta sin á nglacadh acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, an éifeachtacht agus an t-iomaíochas idirnáisiúnta agus an gá dul i ngleic le bacainní rialála, riaracháin agus eacnamaíocha.

Áiritheoidh na Ballstáit gur 42 % ar a laghad den hidrigin a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh sa tionsclaíocht a bheidh i gcion na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh faoi 2030, agus gur 60 % den hidrigin sin a bheidh sa chion sin faoi 2035. Chun an céatadán sin a ríomh, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) chun an t-ainmneoir a ríomh, cuirfear san áireamh an luach fuinnimh hidrigine chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas na nithe seo a leanas:

   (i) hidrigin a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh;

   (ii) hidrigin a tháirgtear trí ghás iarmharach tionsclaíoch a dhícharbónú agus a úsáidtear chun an gás sonrach óna dtáirgtear í a ionadú;

   (iii) hidrigin a tháirgtear mar sheachtháirge nó a dhíorthaítear ó sheachtháirgí i suiteálacha tionsclaíocha;

(b) chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a thomhlaítear in earnáil na tionsclaíochta chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh;

(c) chun an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir a ríomh, úsáidfear na luachanna a bhaineann le luach fuinnimh breoslaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Chun críocha phointe (c) den chúigiú fomhír den mhír seo, chun luach fuinnimh breoslaí nach n-áirítear in Iarscríbhinn III a chinneadh, úsáidfidh na Ballstáit na caighdeáin Eorpacha ábhartha chun luachanna calracha breoslaí a chinneadh, nó i gcás nár glacadh aon chaighdeán Eorpach chun na críche sin, úsáidfidh siad na caighdeáin ábhartha ISO.

2. Déanfaidh na Ballstáit scéimeanna lipéadaithe deonacha a chur chun cinn do tháirgí tionsclaíocha a maítear go dtáirgtear iad le fuinneamh in-athnuaite agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch. Léireofar le scéimeanna lipéadaithe deonacha den sórt sin céatadán an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear nó céatadán na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear ag an gcéim a bhaineann leis an mbunábhar a fháil, a réamhphróiseáil, a mhonarú agus a dháileadh, arna ríomh ar bhonn na modheolaíochtaí a leagtar síos i Moladh (AE) 2021/2279 (*) ón gCoimisiún nó in ISO 14067:2018.

3. An méid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a bhfuil súil ag na Ballstáit iad a allmhairiú agus a onnmhairiú, déanfaidh siad é a thuairisciú ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Ar bhonn an tuairiscithe sin, forbróidh an Coimisiún straitéis de chuid an Aontais maidir le hidrigin allmhairithe agus intíre agus é ina aidhm aici an margadh Eorpach hidrigine agus táirgeadh hidrigine intíre a chur chun cinn laistigh den Aontas, ag tacú le cur chun feidhme na Treorach seo agus le baint amach na spriocanna a leagtar síos anseo, agus aird chuí á tabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais san fhuinneamh agus ar chothrom iomaíochta sa mhargadh domhanda hidrigine. Ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin, léireoidh na Ballstáit an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu rannchuidiú leis an straitéis sin.

Airteagal 22b

Coinníollacha chun an sprioc maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch in earnáil na tionsclaíochta a laghdú

1. Féadfaidh Ballstát cion na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 22a(1), an cúigiú fomhír, a laghdú 20 % in 2030, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá an Ballstát sin ar an mbóthar ceart i dtreo a rannchuidithe náisiúnta le sprioc cheangailteach fhoriomlán an Aontais a leagtar síos in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, atá coibhéiseach ar a laghad lena rannchuidiú náisiúnta a bhfuiltear ag dréim leis i gcomhréir leis an bhfoirmle dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999; agus

(b) is mó ná 23 % in 2030 agus ní mó ná 20 % in 2035 an sciar hidrigine, nó a díorthaigh, a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise a thomhlaítear sa Bhallstát sin.

I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha sin, scoirfidh an laghdú dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'fheidhm a bheith aige.

2. I gcás ina gcuireann Ballstát an laghdú dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith sin, in éineacht lena phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus mar chuid dá thuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Áireofar san fhógra faisnéis faoin sciar nuashonraithe de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus na sonraí ábhartha uile chun a léiriú gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an staid sna Ballstáit a bhaineann tairbhe as laghdú d'fhonn comhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a) agus (b) a fhíorú.

(*) Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Chomhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl.